Scéalta na Scéime

2022/23

Focal ó na hEagarthóirí

Fáilte romhaibh go Irisleabhar na Scéime. Bhí bliain íontach, spraíúil agus gnóthach againn ar fad mar chuid de Scéim Cónaithe Gaeilge Coláiste na Tríonóide 2022/23.
Tá an irisleabhar seo mar thaifead ar an méid atá bainte amach againn mar chuid den Scéim i mbliana, agus táimid ag súil go mbeidh an irisleabhar seo mar uirlis do mhic léinn atá ag smaoineamh faoi iarratas a chuir isteach ar an Scéim Cónaithe sa todhchaí, ach mar chúis bhróid do mhic léinn reatha le breathnú siar ar sa todhchaí.

I measc buaicphointí na bliana seo, bhí an ciorcal comhrá seachtainiúil, léiriú scannáin, cluiche peile, tráth na gceist, céilí, agus caint poiblí, a dhéanfaidh an irisleabhar cur síos orthu níos déanaí.

Is iníonacha léinn na ceathrú bliana iad eagarthóirí an irisleabhar seo, agus táimid ar fad tar éis dhá bhliain a bhaint amach mar chuid de Scéim Cónaithe an choláiste. Tá súil againn go léirítear san irisleabhar seo an méid tairbhe atá bainte amach againn ó bheith mar chuid den Scéim, táimid tar éis buaileadh le daoine óga eile atá tiomanta i dtaobh na Gaeilge, agus atá mar chairde againn don saol. Táimid tar éis scileanna luachmhara a fhoghlaim agus ár gcruthúnais, aibíocht agus féinmhuinín a fhorbairt trí thógraí na Scéime a chomhlánú. Agus táimid tar éis bheith mar chuid de phobal Gaelach an choláiste. Is mór an deis atá sa Scéim Cónaithe, agus is mór an pribhléid go bhfuil an Scéim ar fáil dúinn, agus mar sin molaimid do chách cuir isteach ar an Scéim Cónaithe.

Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí le hÁine Ní Shúileabháin, Oifigeach na Gaeilge Coláiste na Tríonóide, a chinntíonn go reachtáltar an scéim gach bliain, agus a tacaíonn le mic léinn na Scéime I gcónaí. Bhaineamar an-taitneamh as an mbliain seo ar an Scéim, go háirithe toisc gur chaitheamar ar fad am ar an Scéim le linn ré Covid-19. Is íontach an rud le feiscint go bhfuil tógraí na Scéime ar ais i bpearsan agus mór mar chuid de shaol laethúil Coláiste na Tríonóide.

Go rachadh an Scéim Cónaithe ó neart go neart!

Caoimhe Molloy, Róise Hannan, Maeve Carolan, Grace Ní Earcáin

Nóta ón Mheantóir

Dia dhaoibh a chairde. Is mise Róise Hannan, agus tá sé de phribhléid agam bheith mar mheantóir na Scéime i mbliana.

Bhí mé ar an Scéim don chéad uair agus mé sa dara bliain . Tugann an Scéim Cónaithe deis dúinn ár gcuid ghaeilge a úsáid agus muid ar an ollscoil. Labhraím Gaeilge sa bhaile, agus nuair a bhog mé go mBaile Átha Cliath le freastal ar an ollscoil, bhí mé go mór ag iarraidh go mbeadh an Ghaeilge agam mar theanga labartha laethúil. Mar sin, chuir mé isteach ar an Scéim Cónaithe agus ba é an rud is fearr atá déanta agam riamh. Impím ar mhic léinn níos óige na deiseanna a chuirtear ar fáil dóibh ar champas, an Scéim Cónaithe ina measc, a thapú. Beidh sibh buíoch as agus sibh sa cheathrú bliain.

Bhí sé mar phribhléid agam aithne a chur ar baill eile na Scéime, agus bhí grúpa álainn againn i mbliana. Tá clár 'gaelchara' na Scéime ag dul ó neart go neart. Córas inmheánach meantóreachta atá an a dhéanann nasc idir mic léinn na chéad bliana atá ar an Scéim agus mic léinn na ceathrú bliana atá ar an Scéim. Tugann an córas seo tacaíocht agus chomhairle do lucht na chéad bliana ó Ghaeilgeoirí eile a bhfuil taithí ghaolmhar acu. Chomh maith le seo, is fianaise í seo go bhfuil an Scéim ag dul ó neart go neart, mar ní raibh corás den chineál seo ann. Tá a fhios agam go gcoinneoidh an Scéim ag forbairt agus ag láidriú mar chroílár na Gaeilge ar champas.

Mar fhocail scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hÁine Ní Shúilleabháin, Oifigeach Gaeilge, don chuidiú ar fad a thug sí dúinn i rith na bliana!

Nóta ón Oifigeach Gaeilge

A chairde,
Agus bliain acadúil eile ag teacht chun críche, tugann an tIrisleabhar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcéad bhliain dúinn filleadh ar an gColáiste tar éis na paindéime gan srianta. Bhí beocht le brath ar an gcampas i mbliana, agus ar deireadh bhí pobal Gaeilge an Choláiste in ann cruinniú le chéile agus imeachtaí agus tograí a phleanáil agus a chur i gcrích mar ba ghnách.
Bíonn ról tábhachtach agaibhse, mic léinn na Scéime Cónaithe, mar ambasadóirí Gaeilge sa Choláiste, agus is trí bhur gcuid imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chuirtear an teanga chun cinn i measc phobal na mac léinn. Reáchtáladh imeachtaí éagsúla i mbliana; ina measc bhí geandáil ghasta, taispeáint an scannáin An Cailín Ciúin, tóraíocht taisce, aoichainteoir agus an feachtas Instagram, Daonra na Scéime. Ina theannta sin, bhí go leor agaibh i mbun aisteoireachta agus amhránaíochta i gceoldráma an Chumainn Ghaelaigh a bhí ar stáitse le déanaí.
Bíonn na dualgais a bhíonn le comhlíonadh ar an Scéim Cónaithe fiúntach chun tacú le saol na Gaeilge sa Choláiste. Is spás thar a bheith tábhachtach dúinn i gcroílár an champais é Seomra na Gaeilge, agus cinntítear le cabhair mhic léinn Scéim an Champais gur áis iontach é dúinn go léir. Cuireann mic léinn Halla na Tríonóide go mór leis an gciorcal comhrá agus cuidíonn a gcomhluadar chun daoine nua a mhealladh isteach chun cainte linn i gcaitheamh na bliana. Tá an córas Gaelchara ag dul ó neart go neart agus bhí sé go hiontach an tacaíocht a bhí sibh in ann a thabhairt do mhic léinn na chéad bhliana a fheiscint, go háirithe sa chéad téarma.
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an meantóir, Róise Hannan, as a cuid tacaíochta don oifig seo I rith na bliana. Tréaslaím leis an ngrúpa a rinne eagarthóireacht ar an Irisleabhar – Róise Hannan, Maeve Carolan, Caoimhe Molloy agus Grace Harkin. Gabhaim buíochas leo, agus libhse, as an obair a rinne sibh chun é a chur le chéile.
Guím gach rath oraibh agus sibh ag tabhairt aghaidh ar na scrúduithe, go háirithe orthu siúd a bhfuil deireadh ag teacht lena dtréimhse sa Choláiste. Daoibhse a bheidh linn an bhliain seo chugainn, tá súil agam go leanfaidh sibh oraibh ar a bheith gníomhach i saol na Gaeilge!

Áine Ní Shúilleabháin
Oifigeach Gaeilge Choláiste na Tríonóide

Daonra na Scéime: Muintir an Champais

Grace Ní Earcáin

Dia daoibh, is mise Grace agus is as Dún na nGall mé. Dar liom féin go bhfuil canúint Uladh an chanúint is fearr ach níl sé sin claonta ar chor ar bith! Táim sa cheathrú bliain agus táim ag déanamh staidéir ar an Fhraincis agus an Spáinnis. Táim mar chuid den scéim cónaithe ar champas i mbliana agus táim ag baint sult as go dtí seo.D'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge sa bhaile agus d'fhreastail mé ar scoil lán-Ghaeilge. Tá mo chroí istigh sa cheol agus i dteangacha, dar ndóigh, agus is breá liom ag taisteal.

Caoimhe Molloy

Is mise Caoimhe, is as Cill Mhantáin méagus is iníon léinn dlí agus polaitíochta sa cheathrú bliain mé. Seo mo dhara uair ar an scéim chónaithe agus mholfainn go mór do dhaltaí eile cur isteach air, go háirithe sna blianta sóisearacha. Athraíonn gach rud nuair a thosaíonn tú um ollscoil, ach bhí mé fós in ann gaeilge a labhairt ar bhunús laethúil sa bhaile de bharr an scéim. Tá mo chomrádaí tí ón gcéad bhliain ar mo chairde is fearr ar an ollscoil, agus thug an scéim deis dom bheith sáite isteach i saol na gaeilge agus bualadh le daoine a roinn bunluachanna liom ón gcéad lá. Gan dabht is é an rud is fearr a rinne mé riamh!

Meadbh Ní Cheallacháin

Haigh a chairde, is mise Meadhbh Ní Cheallacháin agus is as Baile Átha Cliath mé. Táim 20 bliain d'aois agus tá an Ghaeilge agus an Fhraincis á dhéanamh agam. Táim gafa le teangacha agus tá staidéar á dhéanamh agam ar an Iodáilis fosta. Is leis an nGaeilge a tógadh mé agus d'fhreastail mé ar scoileanna lán-Ghaeilge. Tá suim agam sa drámaíocht ach 'sea an chamógaíocht an rud is ansa liom. Táim ag baint an-sult as an Scéim Cónaithe mar bíonn spleodar na Gaeilge le braith go follasach sa chomhluadar seo agus mothaím sáite i saol na hollscoile.

Daonra na Scéime: Muintir an Champais

Oisín O'Keeffe

Is mise Oisín agus is as Cathair na Gaillimhe mé. Tá mé sa gceathrú bliain ag déanamh staidéir ar Ghéineolaíocht Dhaonna. D'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge sa meánscoil agus is í páirt lárnach mo shaoil anois. Seo mo dara bliain mar bhall scéime, agus tá mé i mo leas-reachtaire an Chumainn Ghaelaigh an bhliain seo freisin! Taitníonn an saol i dTeach 12 ar champas go mór liom - tá Seomra na Gaeilge díreach in aice liom, is féidir liom dúiseacht cúig nóiméid déag roimh mo léachtaí ag a 9, agus bím ag labhairt na Gaeilge chuile lá. Mholfainn go mór d'éinne a bhfuil suim acu sa nGaeilge bheith páirteach i saol na Gaeilge sa gcoláiste - tá pobal den chéad scoth againn anseo!

Hugh Murphy

Hugh Murphy is ainm dom agus táim 22 bliain d'aois. Rugadh me i mBáile Ath Cliath agus togadh sa Bhruséil me, agus d'fhoghlaim mé mo chuid gaeilge ann. Tá mé ag déanamh staidéar ar BESS- sin gnó eacnamaíocht sociolaíocht agus polaitaíocht ach i mbliana táim ag díriú ar eolaíocht pholaitiúil. Bhí grá mór agus fíorshuim agam sa Ghaeilge nuair bhí mé níos óige agus bhí Gaeilge thar a bheith láidir ag mo seanthuistí mar sin ta tradisiún gaelach i mo chlann. Tá suim agam sa taistil, bhí me thar sáile anuraidh ag freastal ar Ollscoil Hong Cong agus chaith mé roinnt ama san Astráil. Is taithí agus deis íontach é bheith ar an Scéim Cónaithe, táim ag baint an taitneamh as. Is ról tábhachtach é agus freagracht mhór í an teanga a choimheád láidir ar champas agus í a chur chun cinn.

Chloe Ní Ghríofa

Is mise Chloe Ní Ghríofa agus is iníonn léinn na Gaeilge agus na Fraincise mé. Is as Tiobraid Árann dom agus táim mar bhall den scéim chónaithe ar champas i mbliana. Tá ról lárnach ag an nGaeilge i mo shaol agus tugann an scéim deis iontach dúinn í a labhairt chuile lá. Tá pobal mór gaelach againn anseo i gColáiste na Tríonóide agus is pobal fíor chairdiúl agus spreagúil é atá i gcónaí ag dul ó neart go neart. Táim an-bhuíoch go deo as na cairde atá déanta agam agus na héispéirisí atá faighte agam as bheith páirteach i saol na Gaeilge ar champas

Daonra na Scéime: Muintir an Champais

Róise Hannan

Is mise Róise Hannan agus tá mé sa cheathrú bliain anseo i gColáiste na Tríonóide ag déanamh staidéir ar an dlí. Rugadh agus tógadh i mBéal Feirste mé agus d'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge sa bhaile. Seo an dara bliain dom a bheith ar an Sceim Cónaithe agus tá mé ag baint an-sult go deo as. Is breá liom bheith i mo chónaí i gcroílár Baile Átha Cliath. Ní bhíonn deireadh choíche leis na himeachtaí a bhíonn ar siúl nó leis an chraic, agus tá seo uilig ar fáil ar leac an dorais mar gheall ar an Scéim. Is iontach an rud é go bhfuil pobal bríomhar gaelach cruthaithe againn anseo sa chathair.

Jennifer Ní Chiara

Is mise Jennifer Ní Chiara agus táim mar bhall den scéim i mbliana. Is as Baile Átha Cliath mé agus táim i mo bhliain deireanach ag déanamh staidéir ar an Stair agus Tíreolas. D'fhreastal me ar mheánscoil lán-Ghaeilge agus bhí grá agam don teanga i gcónaí. Nuair a tháinig me go dtí an Tríonóid thosaigh me ag scríobh d'fhoilseacháin an Choláiste trí Ghaeilge agus ba mhaith liom leanúint leis an iriseoireacht trí Ghaeilge amach anseo, le cúnamh Dé. Táim an-bhuíoch as an deis seo a bheith agam chun an Ghaeilge a scaipeadh ar champas. Táim ag súil libh a fheiceáil ag na imeachtaí éagsúla a bheidh á reachtáil againn i rith na bliana.

Maeve Carolan

Is mise Maeve, is as BÁC mé agus táim sa ceathrú bliain ag déanamh staidéar ar Léann Eorpacha. D'fhoghlaim mé mo chuid Ghaeilge thiar i ngaeltacht Chonamara. Bhí mé i mo bhall don scéim cónaithe nuair a bhí mé sa dara bliain, agus táim an-bhródúil le bheith uirthi arís! Is aoibhinn liom ceol, seinm an pianó agus bím ag canadh chomh maith. Chaith mé an bhlian seo chaite ar Erasmus sa Ghearmáin agus cé gur thaitin sé go mór liom, táim sásta le bheith ar ais i gColáiste le Tríonóide agus an Ghaeilge a chur chun cinn ar champas

Daonra na Scéime: Muintir an Champais

Mary Kate Carolan

Mary Kate is ainm dom agus táim an-sásta a bheith sa Scéim i mbliana. Déanaim staidéar ar an dlí chomh maith le teanga na Gearmáinise agus táim sa bhliain deiridh faoi láthair.
Is as Contae Luimnigh ó dhúchas mé. D'fhreastal mé ar scoileanna lán-Ghaeilge freisin ann. Spreag sé seo grá don Ghaeilge ionam.
Tá suim mhór agam san aistriúchán agus ba bhreá liom a bheith i mo dhlítheangeolaí. Tá sé ar fheabhas a bheith in ann an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn ar an gcampas i mbliana.
Tá gach duine ar an Scéim i mbliana chomh deas agus táimid go léir ag obair le chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Laura Ní Bhrádaigh

Is mise Laura Ní Bhrádaigh. Is as contae na Mí mé agus táim i mo thríú bliain d'innealtóireacht agus bainistíocht. Is aoibhinn liom ceoil, líníocht agus péinteáil agus bheith ag rith. D'fhoghlaim mé mo chuid Ghaeilge sa bhunscoil i mBaile Ghib agus d'fhás mo ghrá don teanga ó sin. Is aoibhinn liom ceoil Gaelach agus a bheith ag caint is ag comhrá as Gaeilge. Bhí mé ar an scéim i halla na Tríonóide sa chéad bhliain agus táim ar ais an bhliain seo. Is deis iontach é bheith ar an scéim i mbliana mar is féidir liom caint as Gaeilge le chuile dhuine i mo theach ar gcampas. Chomh maith le sin, táim chomh ghearr sin le seomra na Gaeilge, ní thógann sé ach cúig nóiméad dul ann agus bíonn duine éigin i gcónaí ansin chun labhairt leis.

Bláithín Cotter

Bláithín is ainm dom. Is mise an scoláire órgáin don choláiste. Seinim go rialta ag seirbhísí Anglacánaigh le Cór an tSéipéil. Anuas ar sin, cloistear mé ag bronntaí na gcéimeanna. Is mór an ónóir dom a bheith páirteach sna hócáidí spéisialta seo. Ní hamháin sin, seinm an veidhlín. De ghnáth bím ag cleachtadhsa tráthnóna. B'fhéidir gur chuala sibh mé ar an mbealach chun na leabharlainne? Is aoibhinn liom a bheith ag rith timpeall na cathrach agus i Rinn na Mara. Bainim úsáid as an Ionad Spóirt freisin. Tá an t-ádh linn anseo sa choláiste go bhfuil gach rud in aice láimhe. Tá áit bainte amach agam ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas anseo don bhliain seo chugainn. Táim ag tnúth go mór leis an taithí nua seo.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Aoibheann Ní Chiaráin

Is mise Aoibheann Ní Chiaráin. Is as Sligeach ó dhúchas mé agus táim sa chéad bhliain anseo i gColáiste na Tríonóide. Tá mé ag déanamh staidéar ar an fhisic. Tá an-suim agam i rasaíocht carranna, go háirithe Formula-1. Tá an-spéis agam sa stair agus sa Ghaeilge chomh maith. Táim fíorbhuíoch as a bheith mar bhall den Scéim Cónaithe mar tugann sé seans dom an Ghaeilge a úsáid i mo ghnáthlá agus bualadh le daoine eile leis na suimeanna céanna atá agam. Chomh maith le sin feicim Scéim mar deis chun páirt ghníomhach a ghlacadh i saol na teanga sa choláiste.

Gráinne Nic Suibhne

Is mise Gráinne Nic Suibhne agus is as Contae an Dúin mé. Chuir mé isteach ar an scéim toisc go raibh mé ag iarraidh an Ghaeilge á labhairt i mo shaol gach lá. Déanaim staidéir ar Leigheas agus mar gheall ar sin, tá go leor idir lámha agam! Tá áthas orm gur chuir mé isteach ar an scéim mar chuidigh sé liom snas a chur ar mo chuid Gaeilge le linn mo chuid staidéir anseo i gColáiste na Tríonóide. Is breá liom a bheith ag labhairt Gaeilge ó thosaigh mé á foghlaim í i nGaoth Dobhair le mo theaghlach, áit a bhfuil ár dteach samhraidh againn, agus tá mion-Ghaeltacht ar fáil dom anseo i mBaile Átha Cliath mar gheall ar an Scéim chun mo theanga dhúchais a labhairt!

Aodhán Ó Murchú

Aodhán Ó Murchú an t-anim atá orm, is as Cill Chainnigh mé ó dhúchas agus tá mé i mo chonaí i Hallaí na Trionóide i nDartraí, a bhuíochas leis an Scéim Cónaithe. D'fhreastail mé ar ghaelscoil agus mar sin bhí an Ghaeilge i gcónaí thar a bheith tábhachtach dom. Thug an Scéim adeis iontach dom feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge! Tá suim agam sa cheol agus bím ag seinm ar an ghiotár leictreach.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Hannah Nic Eindrí

Is mise Hannah Nic Eindrí. Tá mé fiche bliain d'aois agus is as Contae Mhuineacháin mé. Tá mé sa dara bliain ag déanamh staidéar ar an dlí. I mbliana, tá mé i mo bhall den Scéim Cónaithe agus tá mé i mo chónaí i Halla na Tríonóide, i nDartraí. D'fhreastail mé ar mheánscoil lán-Gaeilge agus neartaigh seo mo chuid paisean sa teanga. Is deis iontach í an Scéim chun an Ghaeilge a labhairt agus a spreagadh i mbun an champas. Tugann sé an seans duit bualadh le Gaeilgeoirí eile agus cairde nua a dhéanamh.

Ruairí Goodwin



Ruairí Goodwin an t-ainm atá orm agus is as Eachréidh na Gallaimhe mé. Táim ag déanamh staidéar ar an Bitheolaíocht anseo i gColáiste na Tríonóide agus táim sa chéad bhliain. Tá an-suim agam i gcúrsaí timpeallachta agus an imshaol agus caithim go leor ama ag fánaíocht amuigh faoin tuath.

Bainim an-taitneamh as a bheith i mo chónaí anseo mar chuid den Scéim i Hallaí na Tríonóide, tugann an Scéim deis iontach buaileadh le Gaeilgeoirí eile agus an Ghaeilge a úsáid mar teanga laethúil.

Brenna Byrne

Is mise Brenna agus is as Iúr Cinn Trá mé. Tá mé sa chéad bhliain i gColaiste na Trinóide agus tá mé ag déanamh staidéar ar an Dlí agus an Fhraincis. Is ceoltóir mé. Bíonn ag seinm ar an chláirseach agus is breá liom ceol traidisiúnta. Tá mé ag glacadh páirt sa Scéim mar is bealach iontach í mo chuid Gaeilge a choinneáil suas taobh amuigh de mo chéim.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Niamh Nic Lideadha

Is mise Niamh Ní Lideadha agus táím sa dara bliain ag déanamh Staidéir Eorpacha le Gaeilge agus Francais. Is as an nDroichead Átha mé ach táím i mo chonaí i Halla na Tríonóide i nDartaí i mbliana. Tá an Scéim Cónaithe iontach domsa chun mo chuid Ghaeilge a fheabhsú le daoine as áiteanna difriúla agus le cánúintí difriúla a fhoghlaim freisin. Chomh maith leis sin, táim an-pháirteach leis an gCumann Ghaelach. Tá ról agam mar Oifigeach Caidreamh Poiblí i mbliana agus mar sin tugann sé an deis dom chun mo Ghaeilge a úsáíd gach lá agus táim ró-bhuíoch as sin.

Luke McCann

Is mise Luke McCann agus is as Baile Cheatharlach mé. Táim sa chéad bliain ag déanamh staidéar ar na hEolaíochtaí Bitheolaíochta agus Bithleighis. Tá an-spéis agam sa cheol traidisiúnta. Is seinnteoir consairtín díograiseach mé - níl aon rud a thaitníonn liom níos mó ná cúpla port tiubh a sheinm! Táim ag baint an-sult as a bheith i mo bhall den Scéim. Tugann sé deis iontach dom a bheith sáite sa Ghaeilge. D'fhoghlaim mé an chuid is mó de mo chuid Gaeilge trí shamhraidh a chaitheamh sa Ghaeltacht - anois, táim in ann an teanga a úsáid i rith na bliana ar fad. Mholfainn an Scéim go mór d'aon duine ar mhaith leo cairde den scoth a dhéanamh le grá mór don Ghaeilge.

Mac O'Brien

Is mise Mac O'Brien agus tá mé sa dara bliain ag déanamh staidear ar innéaltóireacht. Tá mé i mo chónaí in árasán na dara bliana ar an scéim cónaithe i nDartraí. Is as An Spidéal mé, i gContae na Gaillimhe. D'fhás mé suas sa Ghaeltacht agus tá áthas orm go bhfuil an deis agam Gaeilge a labhairt i mo shaol laethúil agus mé i mo chónaí anseo i mBaile Átha Cliath. Is é seoltóireacht an caitheamh aimsire is fearr liom, agus i mo am saoire is breá liom ceol a sheinnt ar an giotar nó an pianó.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Rónán Ó hÉigeartaigh

Is mise Rónán Ó hÉigeartaigh agus is as Contae an Longfoirt mé. Tá mé sa chéad bhliain agus déanaim staidéar ar Ríomheolaíocht, Teangeolaíocht agus an Spáinnis. D'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge ó chainteoirí dúchais i Maigh Eo agus i nGaillimh le linn na paindéime. Tá mé ar an scéim i mbliana i Hallaí na Trionóide. Baineann muid úsáid as an Ghaeilge san árasán agus cuirimid í chun cinn sa choláiste. Is deis iontach í an Scéim chun bualadh le daoine cairdiúla a bhfuil suim acu sa Ghaeilge. Má tá sibh ag iarraidh tacú leis an teanga, do chuid Gaeilge a chleachtadh nó fiú bualadh le daoine nua, tá an Scéim ar cheann de na rudaí is fearr atá tú in ann a dhéanamh.

Isabelle Ní Stiofáin

Is mise Isabelle Ní Stiofáin agus táim mar bhall den Scéim i mbliana. Is as Ros Comáin mé agus táim sa chéad bhliain ag déanamh staidéir ar cheol agus an Ghaeilge.

Caithim chuile shamradh sa Ghaeltacht agus i mbliana bhí deis iontach agam obair ann mar Ard Cinnire leis an gcoláiste Samhraidh Spleodar. Nuair nach mbím ag labhairt na Gaeilge, bím ag damhsa, ag canadh nó ag seinm an phianó. Is deis iontach í an scéim chun an Ghaeilge a úsáid go laethúil agus chun cairde nua a dhéanamh chomh maith.

Conal Gillespie

Conal Gillespie is ainm dom. Tá mé sa dara bliain i gColáiste na Tríonóide. Tá mé ag déanamh staidéar ar an nGnó agus Eacnamaíocht. Chomh maith leis sin, tá mé sa dara bliain den Scéim Chónaithe i Halla na Tríonóide, i nDartraí. Sa scéim seo, bhí deis agam canúintí éagsúla na Gaeilge a chloisteáil. D'fhoghlaim mé mo chuid Gaeilge ó mo sheanathair i nGaeltacht Thír Chonaill. Mholfainn go mór páirt a ghlachadh sa Scéim Cónaithe. Tugann an Scéim an deis duit an Ghaeilge a labhairt i spás compordach agus cairdiúil.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Ruadhán Mac Pháidín

Is mise Ruadhán Mac Pháidín agus táim i mo dhálta dara bhliain ar an Scéim Chónaithe i Halla na Tríonóide. Déanaim staidéar ar Ghnó agus Eacnamaíocht agus tá suim mór agam i scannáin, leabhair nó fiú cupán tae agus cláir Netflix! Measaim gur deis iontach í an Scéim chun cairde nua a dhéanamh agus leanacht ar aghaidh leis an nGaeilge mar do phríomhtheanga laethúil agus tú ag freastal ar an gcoláiste.

Fachtna Mac Conghail

Is mise Fachtna Mac Conghail agus is as Baile Mhuineacháin dom. Tógadh mé le Gaelinn sa bhaile agus bionn gach éinne sa chlann de shior a labhairt. Taitníonn saol na cathrach go mor liom, agus leis an scéim cónaithe i Halla na Tríonóide, tá áit agam sa chathair inar féidir liom Gaelinn a bhraith agus a úsáid. Tá mé bainte leis an gCumann Gaelach sa choláiste agus toghadh mé mar Oifigeach na Céad Bliana i mbliana.

Eimear Wheelan

Táimid ag teacht i dtreo deireadh na bliana agus níl agam ach rudaí maithe le rá faoi mo am ar an Scéim. Bhuail mé le grúpa daoine iontacha. Bhí gach duine an-chairdiúil. Nhí an seans agam an Gaeilge a labhairt gach uile lá, agus bhí seo ina chuidiú mór le mo chuid Gaeilge a fhorbairt. Bhain mé an-sult as bualadh le daoine leis na suimeanna céanna sa Ghaeilge is atá agam, go háirithe na daoine níos sine a bhuail me leo sa chiorcal comhrá. Is cinnte gur cinneadh thar barr a bhí ann páirt a ghlacadh sa scéim Gaeilge, agus táim chomh buíoch as an scéim mar gheall ar na cairde uilig nua atá agam mar gheall uirthi.

Daonra na Scéime: Muintir na Hallaí

Sam Rennick

Sam Rennick is ainm dom is ball mé den Scéim Chónaithe i nDartraí i mbliana. Táim naoí mbliana déag d'aois, agus is as Chontae Mhaigh Eo mé. Táim ag déanamh staidear ar gnó, eacnamaíocht, polataíocht agus socheolaíoch.
Taitníonn an Gaeilge go mór liom agus cheap me gur thug an scéim deis iontach dom an gaeilge a úsáid go laethúil, a fheabsú agus a chur chun chinn ar an gcampas i gcoláiste na Tríonóide.

Áine Ní Dhufaigh

Is mise Áine Ní Dhufaigh as Contae Mhuineacháin. Táim ag deanamh an cúrsa teiripe saothair.Tá sé mar phribhléid agam a bheith mar bhall de Scéim Cónaithe Halla na Trionóide agus grúpa mac léinn sa scéim a bhfuil an tsuim chéanna acu – sé sin go bhfuil siad sásta Gaeilge a labhairt ina ngnáthshaol ó lá go lá. Thug an scéim seo deis dom casadh ar dhaoine óga eile ó gach dámh san ollscoil. Thaitíonn sé liom a bheith gníomhach in imeachtaí Gaeilge a chur chun cinn i gColáiste na Trionóide.

Aoife Ní Dhónaill

Is mise Aoife Ní Dhónaill. Táim fiche mbliana d'aois agus faoi láithir táim i mbun stáidéir ar fiaclóireacht. Is as contae Shligigh mé ach i mbliana táim i mo chónaí i halla na trionóide i dartraí mar pháirt de scéim cònaithe á rith ag gcolasite na trionóide.
Tugannban scéim cónaithe deis iontach dom mo chuid gaeilge a cleachtú go laethúil rud nach raibh mé in an a dhéanamh ó a bhí mé sa bhunscoil. I m'ám saor is aoibhinn liom a bheith ag seint an bpiano, ag féachaint ar scánáin suimúil nó fiú ag snámh san fharraige.

TÓGRAÍ NA SCÉIME



Grúpa 1

Róise, Maeve, Grace Caoimhe

I rith Téarma na Féile Michíl d'eagraigh muid an tionscadal 'Daonra na Scéime.' Bunaithe ar an gcuntas Instagram cáiliúil 'Humans of New York', thug an togra sin deis do mhic léinn na Scéime iad féin a chur in aithne do phobal an choláiste. An aidhm a bhí leis ná próifíl a chruthú do gach mac léinn atá ar an Scéim, le pictiúr dóibh agus sliocht gearr fúthu, agus iad a scaipeadh ar chuntas Instagram na Scéime.

Ina theannta sin, bhíomar ag iarraidh eolais faoin Scéim a scaipeadh i measc mic léinn dara leibhéal. Tháinig méadú 11% ar líon na gcuntas a leanann @sceimtcd, le 46 cuntais instagram meánscoile ina measc. Thug an tionscadal Daonra na Scéime seans do phobal níos leithne ón gcoláiste bualadh leis na mic léinn atá ina mbaill don Scéim i mbliana!

Sa dara théarma chuireamar an irisleabhar seo le chéile, agus tá súil againn go dtaitníonn sé leat!

TÓGRAÍ NA SCÉIME

Grúpa 2

Oisín, Chloe, Meadbh, Hugh

Rinne muid taispeántas scannáin, 'An Cailín Ciúin', sa gcéad téarma. Scannán a bhí i mbéal an phobail agus é díreach tar éis bheith ainmnithe do ghradam Oscair, mar sin bhí slua iontach i láthair ar an oíche! Scannán fíorthochtmhar atá ann agus is dócha nach raibh grua thirim faoi dheireadh an scannáin. Bbhí fotheideal ar fáil agus bhí daoine in ann teacht agus breathnú air fiú gan ach cúpla focal Gaeilge. Chonacthas muintir an phobail Ghaelaigh uilig ann, ag ithe gráin rósta agus ag baint sult as an saol as Gaeilge agus lena gcairde. I ndiaidh an scannáin, chuaigh muid ar fad chuig Conradh na Gaeilge chun cúpla deoch a fháil agus an scannán a phlé. Is é seo an rud is fearr faoin scéim; cruthaíonn sí nasc idir chuile dhuine le Gaeilge sa gcoláiste, idir muintir na chéad bhliana agus muintir na cheathrú bliana, agus cuireann sé go mór le pobal na Gaeilge sa choláiste.

An téarma seo d'eagraigh muid cluiche peile, 5-an-thaobh. Chuaigh muid i dteagmháil le OCB (DCU) riomh an imeacht agus ghlac roinnt mac léinn DCU páirt. D'eagraigh muid é ag ar an páirc astroturf díreach in aice le Teach 12, teach na scéime. An aidhm a bhí againn na daoine a thabhairt le chéile agus úsáid a bhaint as a teanga ar dhóigh spraoiúil. Bhí oíche den scoth againn, le peile, ceol agus craic . Ghlac imreoirí foireann GAA an choláiste páirt chomh maith mar sin bhí fíorchomórtas ann! Anuas air sin, mar ghrúpa bhain muid an-sult as an tionscadal

TÓGRAÍ NA SCÉIME

Grúpa 3

Mary Kate, Mairéád, Laura, Bláithín

Shocraigh ár ngrúpa clár raidió a dhéanamh le chéile an seimeastar seo caite. Chuamar go dtí Sráid Fhearchair agus thugamar cuairt ar an stiúideo taifeadta! Taifeadadh ár gclár raidió le Raidió Rí Rá. Labhair muid faoi gach rud a raibh baint aige leis an nGaeilge. Labhair muid freisin faoin Scéim, faoi na buntáistí a bhaineann léi, agus cé chomh cairdiúil is atá gach duine. Bhaineamar an-taitneamh as a bheith ag caint isteach sna micreafóin! Bhí an-spraoi againn agus is cinnte go ndéanfaimis arís é, dá mbeadh an deis againn. Craoladh an chlár agus bhí sé iontach a bheith in ann éisteacht siar leis. Beatha teanga í a labhairt!

An seimeastear seo, chuireamar fáilte roimh Phríomhaistritheoir an Oireachtais, Vivian Uíbh Eachach. Labhair sé faoin tábhacht a bhaineann le seirbhísí aistriúcháin in Éirinn. Labhair Áine Ní Shúilleabháin (Oifigeach na Gaeilge) freisin faoin tábhacht a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine le Gaeilge san ollscoil. Bhí suim ag go leor daoine freastal ar an ócáid. D'eagraíomar seisiún Q+A freisin. Ba mhór an onóir é an tUasal Uíbh Eachach a bheith anseo linn i Seomra na Gaeilge. Leis an imeacht seo, bhíomar ag iarraidh aird a tharraingt ar na deiseanna atá ar fáil do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu. Tá ghairm san aistriúchán ach ceann amháin den iliomad deiseanna atá ar fáil.

TÓGRAÍ NA SCÉIME

Grúpa 4

Ruadhán, Niamh, Conal, Aoife, Mac, agus Hannah

Bhaineamar an-sult as ár n-am ar an Scéim Cónaithe i mbliana. D'eagraíomar dhá phríomhimeachtaí – Céilí sna Hallaí agus Oíche Geandáil Ghasta i Seomra na Gaeilge.. Chuireamar óicheanta cluichí boird agus cártaí ar súil san árasán a thug deis do dhaoine cúpla focail a fhoghlaim i gcomthéacs compordach. Bhí oícheanta cócaireachta den scoth againn do muintir na Hallaí (GRMA Mac!!!) le téamaí difrúil! Bhí Ruadhán, Mac, Conal, agus Hannah, ina réaltaí aisteoireachta i gceoldráma an Cumann 'Miotas' (a bhí iontach) agus spreag sé sraith 'sciteanna' Gaelige atá Ruadhán agus Conal ag obair ar agus muid ag scríobh an alt seo. Is cinnte gur chaitheamar níos mó ama ag imeachtaí Scéime ná sa leabharlann (agus ní athródh muid é don domhan). Mar fhocal scoir, caithfidh muid rá go raibh bliain iontach againn ar an Scéim Cónaithe! Bhain muid an-taithneamh as na himeachtaí Scéime a chur na hárasain eile ar súil, na ciorcail comhrá, agus imeachtaí an gCumann. Thosaigh Ruadhán agus Conal an cúntas Instagram 'Scéil_Scéimear' agus an sraith cáilúil 'Focail an Lae.' Léirigh ár n-am ar an Scéim nach bhfuil saol na Gaeilge ag meatha, mar a deirtear go minic, ach ag bláthú.

TÓGRAÍ NA SCÉIME

Grúpa 5

Aodhán, Gráinne, Aoibheann, Luke, Brenna, Ruairí

Tá an-bhliain tar éis a bheith againn go dtí seo leis an Scéim, leis an Ghaeilge agus ag an gColáiste go ginearálta. An chéad mór-imeacht a tharla inár n-árasán ná gur tháinig ball nua isteach! Luke is ainm dó, agus cé nach bhfuil sé tar éis a bheith linn ach le cúpla mí anuas, tá sé anois ag croí-lár saol an árasán agus an Scéim Cónaithe. Tarlú mór eile a bhí ann le déanaí ná gur eagraíomar tóraíocht taisce timpeall an cathair chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cé go raibh aimsir déistineach againn ar an lá, bhí an-rath ar an imeacht le slua mór ag glacadh páirt agus cách ag baint an-taitneamh as.

An rud a bhí i gceist leis an imeacht ná gur tugadh liosta de na háiteanna agus dúshláin do chuile foireann a bhí orthu a aimsiú agus a dhénamah, Bhí an liosta ar fad i nGaeilge. Bhí muid i dteagmháil leis na foirne tríd téacs chun cabhair aistriúchán a thabhairt dóibh má raibh sé de dhíth. Rinne chuile foireann iarracht mhaith ach bhí foireann amháin a rinne thar barr ar fad agus d'éirigh leo chuile rud ar an liosta a dhéanamh laistigh den am! B'iad a bhuaigh d'ár ndóthaigh, agus bhailigh siad a nduais ag ceann scríbe deirneach an imeacht, an Pav.

An nuair is ansa linne faoin Scéim Cónaithe ná an deis a thugann sí buaileadh le Gaeilgóirí cumasacha as áiteanna agus cúlraí éagsúla. Ar an Scéim, tá daoine de gach sort; cainteoirí dúchasacha, daoine a fhoghlaim Gaeilge le déanaí, daoine ón nGaeltacht agus daoine ón Tuaisceart. Agus is iontach an rud í fosta gur féidir linn a bheith inár chónaí le chéile i dtimpeallacht iomlán Gaelach, rud a léiríonn gur féidir leis an nGaeilge a bheith mar teanga phobal nuair a dtugtar an deis.

TÓGRAÍ NA SCÉIME

Grúpa 6

Fachtna, Eimhear, Sam, Áine, Rónán agus Isabelle

Sa chéad téarma, chuir muid Tráth na gCeist ar siúl i gClub an Chonradh. Thuigeamar nach bhfuil mórán daoine nach maith le píosa iomaíocht ag Quizzáil! Fiú ag rá seo, bhí an grúpa dúinn buartha nuair nach raibh ach cúpla foirne againn agus muid cóngarach leis an am tosaithe. Ach, ní raibh orainn a bheith buartha, níorbh fhada gur phléasc an áit le daoine, líonadh an Club go hiomlán! Oíche den scoth a bhí againn, agus bhíomar ar bís an-chuid daoine a fheiscint nach raibh mórán Gaelinn ar chor ar bith acu. D'fhág chuile duine sásta, agus le cúpla focail sa bhreis acu.
I ndiaidh briseadh na Nollaig, shocraigh muid an uair seo bronntanas beag a thabhairt do muintir na Hallaí, chun bricfeasta a chur ar fáil dóibh in Teach Oldham. Ní hamháin go dtagann muintir Hallaí na Trionóide as chuile cúinne deir tír seo, ach chomh maith as chuile cúinne den Domhain. Mar sin, bhí an tuiscint againn go mbeadh Gaeilge ag fíor-bheagán ag teacht don bhricfeasta, agus cruthaigh muid póstaer breá le frásaí simplí go bhféadfá a mhúineadh dóibh. Spraoi mhaith a bhí ar an maidin sin, agus bhíomar sásta leis an slua a tháinig agus a bhí sásta fiú focal Gaeilge a labhairt.

Ná Luímis ar ár bPribhléid

Le Caoimhe Molloy

Tuigimid ar fad an tairbhe atá bainte againn ó Scéim Cónaithe na Tríonóide, áfach is minic nach dtuigimid an t-ádh atá orainn go bhfuil scéim cónaithe ar fáil dúinn. Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na hÉireann, agus mar sin tá sé de cheart againn ár ngó a dhéanamh trí ghaeilge le húdarás an stáit, áfach, níl sé de cheart againn scéim cónaithe a bheith againn. Is pribhléid é agus rud nach gcaithfidh an choláiste a chur ar fáil dúinn.

É sin ráite, tá tacaíocht bhog do scéimeanna cónaithe ar fáil i reachtaíocht agus polasaithe boige an choláiste. Mar shampla, dheimhnigh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go bhfuil freagracht ar an Stát an Ghaeilge a chosaint, agus le go mbeidh rath ag polasaí teanga, caithfidh reachtaíocht theanga trí mór aidhm a bhaint amach, eolas ón rialtas a chuir ar fáil go dátheangach, seirbhísí stáit a chuir ar fáil trí ghaeilge do phobal na gaeilge agus seirbhísí a chuir ar fáil do riachtanais áirithe, ar nós structúir agus institiúid i roinn ar nós oideachas, na meáin agus pleanáil teanga. Tá an Scéim Cónaithe ar cheann de na hinsitiúidí sin, atá áirithe do phobal gaeilge an choláiste. Cinntíonn sé gur féidir le mic léinn a labhair gaeilge sa bhaile nó a rinne a gcuid oideachais trí mheán na gaeilge leanúint ar aghaidh ag labhairt gaeilge go laethúil.

Is éasca an rud é dearmad a dhéanamh ar theanga munar labhraítear í go rialta, ach sholáthraíonn an scéim spás dúinn le gaeilge a labhairt. Ina theannta sin, éascaíonn scéim cónaithe aidhmeanna Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasúcháin) 2021 go mbeidh 20% de fhostaithe nua an tstátseirbhís inniúl sa ghaeilge faoi 2030. Déanann an Scéim Cónaithe cinnte de go leanann daoine óga ar aghaidh ag labhairt na Gaeilge agus iad ar an ollscoil.

Bímis Buíoch

Le Caoimhe Molloy

Chomh maith le seo, is é ráiteas misean Coláiste na Tríonóide ná 'a cáil mar ollscoil le tionchar domhanda' a neartú, agus a bheith dílis do shaoirse fhiosrúcháin agus léiriú an duine aonair. Tá ról lárnach ag Coláiste na Tríonóide in athbheochan na Gaeilge sa choláiste agus tá tionchar aici chomh maith maidir le daoine spreagadh chun mionteangacha ar fud an domhain a neartú. Aithnítear an fiúntas a bhaineann le scéimeanna cónaithe do mhiontheangacha, agus tá a leithéad á n-offráil sa Bhreatain Beag agus in Albain, in Ollscoil Aberystwyth agus in Ollscoil Glaschú. Áfach, cé go dtuigeann pobal na scéime agus teangeolaithe an domhain an tábhacht a bhaineann le scéim cónaithe, is deacair an rud é scéim cónaithe a bhunú. Léirítear dúinn seo de bharr an reac poiblí a bhris amach le linn iarrachtaí scéim cónaithe a bhunú in Ollscoil na Banríona Béal Féirste. Dúirt grúpaí freasúrachta go mbeidh bunú na scéime mar 'chinedheighilt cultúrtha', agus go raibh sé mar aidhm ag polasaithe na scéime cónaithe cultúr deighilte agus pólarúcháin a fhorbairt. Tuigimid go bhfuil cómhthéacs agus conspóid ar leith ag baint le maoiniú na Gaeilge ó thuaidh, ach ní n-offráltar scéim cónaithe i sciar mhór ollscoileanna ó Dheas ach oiread, níl scéim cónaithe ar fáil in Ollscoil Luimnigh, ná in Ollscoil Teicneolaíochta ar bith sa tír.

Gach bliain caitheann Coláiste na Tríonóide breis is €30,000 ar scéim cónaithe na hollscoile, caiteachas ollmhór ar mhaitheas pribhléid a thabhairt do phobal gaeilge an choláiste. Is léir go bhfeiceann an choláiste an tairbhe agus an fiúntas a bhaineann le scéim cónaithe a chuir ar fáil, ach d'fhéádfadh athróg polaitiúla, airgeadais nó sóisialta é seo a athrú. Mar sin, tá dualgas orainn, mic léinn na scéime, gan luí ar ár bpribhléid, ár n-ádh a n-aithint agus cinnte a dhéanamh de go leantar ar aghaidh ag léiriú an tairbhe a bhaineann le scéim cónaithe, agus ag moladh do mhic léinn eile iarratas a chuir isteach ar an scéim cónaithe.

Mo thaithí ar an Scéim

Maeve Carolan, "Scéimer" 2021, 2023

Mar iníon léinn na ceathrú bhlian, bím ag breathnú siar ar mo thaithí san ollscoil agus na himeachtaí a bhí ar súil agam. Ní féidir fáisnéis rómhaol a dhéanamh ar an Scéim, agus an tábhacht a bhí aici ag mo shaol sa choláiste. Chuir mé isteach don Scéim don chéad uair le linn an díonghlasú, agus ní raibh mórán dóchas agam le háit a fháil. Mheas mé go deis iontach a mbeadh ann mo Ghaeilge a úsáid agus mé ag freastal ar an ollscoil. Go buíoch beannachtach, fuair mé áit uirthi, agus bhog mé isteach ag tús an blian acadamúil 2020. Cé go raibh neirbhís an domhain orm agus mé ag súil suas na staighre i dteach a 12, ní raibh fios agam an méad spóirt agus spraoi a bheadh agam i rith na bliana. Deis iontach a bhí ann bualadh le daoine nua, scileanna nua a fhoirbeart agus páirt a ghlacadh i saol na nGaeilge (cé go raibh sé i leith ar líne). Tháinig feabhas mór ar mo chuid Ghaeilge, agus bhuail mé le cairde iontach don saol.

Chaith mé mo tríú bhlian thar leár ar Erasmus, sa Ghéarmáín. Cé gur thaitin se go mór liom, d'airigh an Ghaeilge uaim. Ní raibh deis agam í a úsáid agus me thar leár, seachas nuair a bhí mé ag leabhairt le na cairde a bhí agam ar an Scéim. Cruthaigh an Scéim nasc eadrann, agus chloí muid leis an nGaeilge agus muid i dteagmháil leana chéile. Bhí se soiléar dom agus mé sa Ghéarmáin go ndéanfainn iarratas ar an Scéim arís. Agus sin díreach a rinne mé.

Táim an-bhuíoch le bheith ar an Scéim arís sa cheathrú bhlian. Chabhraigh an Scéim le féinmhuinín s'agam a spreagadh, agus mothaím i bhfad níos múiníní ionam féín i ngach taobh den shaol. Tá sé iontach le bheith in ann páirt a ghlacadh i saol na nGaeilge ar champas i bpearsanta arís, agus bhí an-spraoi agam ag freastal ar na himeachaí éagsúla a bhí á eagrú ag mic léinn na scéime i rith na bliana. Molaim do chách iarratas a dhéanamh don Scéim - is fiú go mór é.

Lá Idirnáisiúnta an Ilteangachais: Ábhar Machnamh

Le Grace Ní Earcáin, B.A. Fraincis agus Spáinnis

Is é 27ú Márta Lá Idirnáisiúnta an Ilteangachais a cheiliúrann an cumas níos mó teangacha a labhairt. Roghnaíodh an dáta seo toisc gurb é 27ú Márta 196 RC an dáta atá luaite ar an gCloch Rosetta a bhfuil clú air ilteangach, greanta leis an tSean-Éigipteach, i dtéacs iairiglifigh agus sa tSean-Ghréigis. Ba í Cloch Rosetta an eochair chun tuiscint nua ar iairiglifeacha na hÉigipte a dhíghlasáil toisc go raibh teangeolaithe sna 1800í in ann na hiairiglifeacha a dhíchódú trí théacs na Sean-Ghréigise a aistriú agus é a chur i gcomparáid leis an téacs Déimiteach, ag lorg leideanna foghraíochta nó idé-eagracha forluiteacha. Déanaimid ceiliúradh ar an lá seo go bliantúil anois.

Tá go leor deiseanna ann nuair a bhíonn duine ilteangach. Trí theanga nua a fhoghlaim méadaítear d'intinn agus do radharc domhanda. Osclaíonn sé tú chuig cultúir nua agus chuig torthaí na héagsúlachta. Cuireann labhairt an dara nó an tríú teanga le muinín agus méadaíonn sé féinmheas agus sin an fáth go bhfuil sé tábhachtach an lá seo a cheiliúradh gach bliain.

Tá trí theanga oifigiúla ag Éirinn, Gaeilge, Béarla agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann ach níl ansin ach cuid den scéal. Taifeadadh 182 teanga ar fud na tíre i nDaonáireamh 2011, rud a fhágann gur stát fíor-ilteangach í Éire. Tacaíonn an Scéim Cónaithe go hiomlán le dátheangachas agus ilteangachas. Is bronntanas agus pribhléid é dhá theanga ar a laghad a úsáid gach lá agus ba cheart dúinn leas a bhaint as seo toisc nach bhfuil an deis seo ag gach duine. Ní mór féachaint ar an ilteangachas mar shócmhainn do shochaí na hÉireann, rud a thacaíonn an Scéim Cónaithe. Tá timpeallacht curtha ar fáil ag an Scéim a ligeann do chainteoirí Gaeilge páirt a ghlacadh sa tírdhreach ilteangach seo in Éirinn. Ligeann an spás cultúrtha agus teanga seo do thaithí ilteangach a chur in iúl agus, le blianta anuas, tá níos mó deiseanna curtha ar fáil ag an Scéim do mhalartú teanga Gaeilge.

Lá Idirnáisiúnta an Ilteangachais: Ábhar Machnamh

Is iomaí dúshlán atá ann iarracht á déanamh an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den tsochaí ilteangach seo. Breathnaítear ar an nGaeilge, uaireanta, mar rogha bhreise seachas stádas comhionann leis an mBéarla. Cuireann an Scéim timpeallacht Ghaeilge chun cinn a aithníonn tábhacht na Gaeilge agus a thugann dúshlán don "stádas breise roghnach".

Tá lá idirnáisiúnta an ilteangachais thar a bheith tábhachtach mar is ceiliúradh é ar an gcumas iltheangacha a labhairt a chothaíonn sochaí uilechuimsitheach agus éagsúil. Tugann sé deis dúinn machnamh a dhéanamh ar ár dturas teanga agus cothaíonn sé cultúir agus naisc níos láidre idir pobail teanga éagsúla. Is é an príomhaidhm atá aige ná soláthar teanga a leathnú agus éagsúlacht teanga a cheiliúradh, rud a fhágann gur lá é nach mór dúinn a bheith ar an eolas faoi agus muid ar an Scéim. Is deis é dúinne mar Ghaeilgeoirí a bheith bródúil as ár dteanga agus ár gcultúr náisiúnta agus freisin a bheith bródúil as go bhfuil muid dátheangach/ilteangach.



10 mBliana de Sheomra na Gaeilge

Tá tábhacht ollmhór ag baint le Seomra na Gaeilge ar champas, go háirithe do lucht na scéime agus don chumann Gaelach. Is áit é do phobal na Gaeilge ar champas chun teacht le chéile agus cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Is féidir le daoine atá ag iarraidh an teanga a fhoghlaim bualadh le chéile sa seomra agus cleachtadh a dhéanamh, chomh maith le héisteacht le daoine í a labhairt go nádúrtha. Is spás caidrimh agus comhrá é a nascann lucht na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide le chéile. Ach ní raibh an seirbhís seo i gcónaí ar fáil ar champas.

Chuaigh coiste an chumainn Ghaelaigh 2011/2012 i mbun feachtais faoine reachtaire Pádraig Schaler chun áit a chruthú ar champas do mhuintir na Gaeilge ar champas. Thug siad faoi deara go raibh easpa spáis i gColáiste na Tríonóide do chainteoirí Gaeilge agus chuaigh siad chuig an phropast Patrick Prendergast chun a gcás a phleadáil. Léirigh siad an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge ar champas agus an dóigh nach raibh áit ann do phobal na Gaeilge ina bhféadfadh leo teacht le chéile agus cumarsáid a dhéanamh trína dteanga dhúchais. Bhí a gcás diongbháilte agus faoi dheireadh, in 2012, osclaíodh Seomra na Gaeilge faoi Andrew Mac an Rí, reachtaire ar choiste 2012/2013.

Tá muid anois fíorbhuíoch as an seirbhís seo agus as na iar mhic léinn a throid as an chearta seo. Gan a streachailt chun cinnte a dhéanamh go bhfuil spás againn ar champas, ní bheadh Seomra na Gaeilge againn sa lá atá inniu ann. Ba cheart dúinn aitheantas a thabhairt dá n-iarrachtaí agus dá dtiomantas chun é sin a chinntiú do thodhchaí phobal na Gaeilge ar an champas. Tá muid anois ag ceiliúradh an 10ú bliain acadúil de Sheomra na Gaeilge agus tá muid níos buíche ná riamh go bhfuil fáil againn ar a leithéid de sheirbhís ar an champas seo.

DO CHEARTA TEANGA AR CHAMPAS

AN BHFUIL SÉ DE CHEART AGAM OIDE A BHEITH AGAM LE GAEILGE?

Tá! Má tá oide uait atá gaeilge acu, seol rphost go hOifig an Oide Sinsearach stosec@tcd.ie

AN FÉIDIR LIOM MO GHNÓ A DHÉANAMH TRÍ GHAEILGE SA LEABHARLANN?

Is féidir! Bíonn duine le gaeilge ag obair sa leabharlann i gcónaí - níl ort ach ceist a chuir ag an bpríomh dheisc i forhalla Leabharlann X.

AN BHFUIL SPÁS LÁN-GHAEILGE AR FÁIL DOM?

Tá! Tá seomra na Gaeilge suite i seomra 8 san Atrium (doras taobh thiar den bhutrach, agus ar an úrlár is airde den staighre. Tá fáilte roimh chách bualadh isteach gach lá le haghaidh cupán tae nó caife saor in aisce, agus comhrá. Tá an seomra oscailte ó 9rn-5in le linn na seachtaine.

AN BHFUIL SÉ DE CHEART AGAM MO SHLOINNE A BHEITH AGAM TRÍ GHAEILGE AR CHÁIPÉISÍ MO CHÉIM?

Ceistíodh é seo cheana leis an gClárlann Acadúil agus ag an bpointe seo, ní féidir ainm a athrú gan cháipéisíocht oifigiúil a bheith ar fáil leis an ainm Gaeilge uirthi mar go bhféadfadh impleachtaí a bheith ag a leithéid ar an gcéim ina dhiaidh sin, ar dheontais a bheadh ar fáil do mhic léinn, srl. toisc go mbeadh na hainmneacha ar na cáipéisí difriúil.

AN FÉIDIR LIOM MO THRÁCHTAS A SCRÍOBH TRÍ GHAEILGE?

Tá sé seo ag brath ar do scoil áirithe. Tá mic léinn i scoileanna éagsúla tar éis seo a dhéanamh thar na blianta. Moltar duit teagmháil a dhéanamh le do Stiúrthóir Cloch-Dhín (Capstone Director), do mhaoirseoir tráchtas agus i ndiaidh cead a fháil, teagmháil a dhéanamh le duine i do scoil le Gaeilge, nó Scoil na Gaeilge le duine a fháil chun do thráchtas a cheartú.

Ceisteanna Choitianta faoin Scéim

Cad é an Scéim?

Is é aidhm na scéime ná an Ghaeilge a chur chun cinn i measc pobal an choláiste. Chun sin a baint amach, tá lóistín ar fáil do mhic léinn a bhfuil Gaeilge acu ar champas agus sna Hallaí. Tá 30 spás san iomlán ar fáil - 12 spás ar an gcampas agus 18 spás i Halla na Tríonóide (12 do lucht na céad bliana, 6 do lucht na dara bliana).

Cé is féidir leo iarratas a dhéanamh don Scéim?

Is féidir le mic léinn fochéime lánaimseartha atá sa dara, tríú nó ceathrú bliain iarratas a dhéanamh ar an Scéim. Ní féidir ach mic léinn na céad bliana iarratas a dhéanamh ar lóistín sna Hallaí. Is féidir le mic léinn na dara bliana iarratas a dhéanamh ar lóistín hallaí nó lóistín campais. Ní féidir leat áit a bhaint amach ar an Scéim ach faoi dhó.

Céard iad na dualghais atá roimh mic léinn na Scéime?

Príomhaidm ná an Ghaeilge a chur chun cinn. Le sin ráite, sé tábhachtach freisin go mbeadh an Ghaeilge mar teanga chumarsáide laethúil an árasáin. Tá ag súil chomh maith go nglacfá páirt ghníomhach i saol na nGaeilge sa choláiste, ag freastal ar imeachtaí agus ag thabhairt tacaíocht ann. Ina theannta sin, cuireann chuile ghrúpa togra amháin ar súil achan téarma. Is féidir aon rud a eagrú - eagallaimh le duine a bhfuil baint acu leis an nGaeilge, taispéantas do scannáin nó seó taillaine, is leatsa an rogha! Is féidir ionsparáid a ghlacadh ó na tograí a bhí á eagrú ag mic léinn na Scéime i mbliana aan iris seo.

Céard é an próiseas?

Ar an gcéad dul síos, caithfear foirm iarratais a líonadh ag míonadh an suim a bhfuil ionat agus an dóigh ina gcuirfeá an Ghaeilge chun cinn ar champas no sna Hallaí. De ghnáth, tá ort an foirm sin á sheoladh isteach i rith Mi Abreáin. Coinnigh súil ar suíomh idirlíne na scéime
Ina dhiaidh sin, bíonn eagallaimh ar siúl. Sin deis s'agat tú féin a chur in aithne don phainéal a roghnaíonn mic léinn na Scéime. Tábhachtach ná cur síos a dhéanamh ar suimeanna s'agat, an baint atá ag an nGaeilge i do shaol, agus do smaointe chun an Ghaeilge a spreagadh.

Comhairle Faoin Scéim

Comhairle agus tú ag déanamh iarratas

- Smaoinigh ar cén fáth atá tú ag iarraidh áit a bhaint amach ar an scéim
- Smaoinigh ar na cineálacha tógraí go gcuirfeá ar siúl dá mbainfeá áit amach
- Ba cheart cúpla smaoineamh maithe a ulllmhú.
- San agallamh, léirigh do shuim sa Scéim agus don Ghaeilge.
- Ná bí neirbhíseach faoin agallamh, níl ann ach comhrá neamhfhoirmeálta.

Buntáistí na Scéime

- Tá deontas €1000 ar fáil do mhic léinn na Scéime, chomh maith le háit cónaithe a bheith agat i lóistín na Tríonóide, croílár saol sóisialta an choláiste.
- Do mhic léinn na céad bliana deiseanna meantóireachta ar fáil tríd an chóras "Gaelchara", córas meantóireachta piarach do mhic léinn na scéime amháin.
- Déanfar nasc idir tú féin agus mac léinn ní ba shuine a bheidh mar chrann taca agus foinse chomhairle duit.
- Chomh maith le sin, tugann an Scéim deis duit do scileanna pearsanta a fhorbairt - ní hamháin scileanna teanga, ach scileanna cumarsáide, eagrathóireachta, agus pleanála freisin.
- Agus an rud is tábhachtaí ná thugann sé deis duit bualadh le mic léínn ó fud na tíre, agus cairde a dhéanamh don saol!
-

MICHIGAN
MICHIGAN STATE
Founded 1855
UNIVERSITY
STATE
Bretagne
BRETAGNE



Calvin Klein



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Ár mbuíochas le hOifig na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide as an irisleabhar seo a mhaoiniú